



Preasráiteas
Lucsamburg, 4 Iúil 2022

Caithfidh an tAontas a bheith níos réamhghníomhaí ina chomhraic in aghaidh calaoise sa chaiteachas talmhaíochta

Áirítear leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), arb é an comhpháirt aonair is mó den chaiteachas atá faoi bhuiséad an Aontais, roinnt scéimeanna caiteachais atá go háirithe i mbaol calaoise. Tá an méid sin de réir tuarascála a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) inniu ina dtugtar forléargas ar na rioscaí calaoise a dhéanann difear do CBT agus ina ndéantar measúnú ar an gcaoi a bhfreagraíonn an Coimisiún Eorpach don chalaois i gcaiteachas talmhaíochta. Is é conclúid na n-iniúchóirí gur fhreagair an Coimisiún cásanna calaoise i gcaiteachas CBT, ach gur cheart go mbeadh sé níos réamhghníomhaí maidir le haghaidh a thabhairt ar rioscaí calaoise áirithe, amhail 'grabáil talún' neamhdhleathach. D'fhéadfadh calaoiseoirí leas a bhaint as laigí i seiceálacha na mBallstát, mar sin molann na hiniúchóirí don Choimisiún faireachán níos fearr a dhéanamh ar bhearta frithchalaoise náisiúnta, treoir níos nithiúla a thabhairt agus úsáid teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun calaois a chosc agus a bhrath.

Rinne na hiniúchóirí scrúdú ar phatrúin calaoise i scéimeanna íocaíochta CBT trí anailís a dhéanamh ar bhearta a bhí á maoiniú ag CBT faoi bhainistíocht chomhroinnte (íocaíochtaí díreacha, bearta margaidh agus forbairt tuaithe), agus scrúdú á dhéanamh acu ar shonraí ó chlárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020. Tá na príomhrioscaí a shaináithin na hiniúchóirí nasctha le sárúithe ar choinníollacha incháilitheachta a bheith á gceilt ag tairbhíthe, le castacht na mbeart a fuair maoiniú, agus le cineálacha neamhdhleathacha 'grabála talún'.

"Déanann an chalaois dochar do leasanna airgeadais an Aontais agus cuireann sí cosc ar acmhainní an Aontais ón gcuspóir beartais a bhaint amach" a dúirt Nikolaos Milionis, an comhalta CIE a bhí faoi stiúir na hiniúchóireachta. Measaimid gur cheart don Aontas níos mó a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca calaoise i gcaiteachas talmhaíochta. Measaimid go gcabhróidh ár dtuarascáil leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit a gcumas frithchalaoise a fhorbairt faoin gcomhbheartas talmhaíochta nua do 2023-2027.

Tá riosca níos mó ag baint le réimsí caiteachais atá faoi réir rialacha níos casta – bearta infheistíochta forbartha tuaithe, mar shampla — agus i gcás scéimeanna íocaíochta áirithe CBT a dhíríonn ar thacaíocht a thabhairt do chatagóirí sonracha tairbhíthe, mar go bhfuil éilitheoirí ann a cheileann faisnéis ábhartha nó a chruthaíonn na coinníollacha go saorga chun na critéir

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

incháilitheachta a chomhlíonadh agus tairbhiú go míchuí de chúnamh CBT. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, maidir le tacaíocht do 'FBManna' talmhaíochta, nár nocht a naisc le cuideachtaí eile, nó tairbhíthe neamh-incháilithe a éilíonn íocaíochtaí mar 'fheirmeoirí óga'.

D'fhéadfadh baint a bheith ag “grabáil talún” le cleachtas chalaioiseacha amhail falsú doiciméad, comhéigean, leas a bhaint as tionchar polaitiúil nó faisnéis chos istigh, mí-ionramháil nósanna imeachta nó breabanna a íoc. Fuair imscrúduithe arna ndéanamh ag Oifig Frithchalaioise Eorpaí (OLAF) agus na húdaráis náisiúnta gur mó an seans go dtarlódh gníomhaíocht chalaioiseach den sórt sin i gcás talamh atá faoi úinéireacht phoiblí nó talamh príobháideach nach léir cé leis é. D'fhéadfadh calaoiseoirí a bheith ag féachaint le talamh a fháil – go dleathach nó ar bhealach eile – chun íocaíochtaí díreacha a fháil, gan aon ghníomhaíochtaí talmhaíochta a bheith ar siúl acu. Is mó an riosca i gcás limistéir féaraigh agus sléibhe áirithe, ina mbíonn sé níos deacra do na gníomhaireachtaí íocaíochta seiceáil a dhéanamh go bhfuil an ghníomhaíocht talmhaíochta riachtanach, amhail iníor, á déanamh go hiarbhrí.

Ós rud é go bhfuil an anailís riosca calaoise faoi CBT tugtha cothrom le dáta le déanaí ag an gCoimisiún in 2016, tá sé ar cheann de na moltaí a rinne na hiniúcháirí gur cheart don Choimisiún a mheasúnú ar neamhchosaint ar riosca calaoise scéimeanna éagsúla caiteachais a thabhairt cothrom le dáta, agus ar a mhéid is féidir le bearta frithchalaioise na mBallstát calaois a bhrath, a chosc agus a cheartú.

Molann na hiniúcháirí freisin gur cheart don Choimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun príomhrioscaí calaoise a mhaolú agus chun na deiseanna a cuireann teicneolaíocht ar fáil a chothú – mar shampla, mianadóireacht sonraí, meaisínfhoghlaim, íomháu satailíte agus fótaléiríú – sa chomhrac i gcoinne na calaoise, agus na Ballstáit a spreagadh chun céimeanna a ghlacadh chuige sin.

Faisnéis chúlra

Bhí CBT mar phríomhréimse airde do CIE i gcónaí go háirithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais talmhaíochta a sheiceáil. Inár ráiteas dearbhaithe 2018-2020, rinneamar iniúcháireacht ar 698 n-íocaíocht CBT agus rinneamar earráidí a chainníochtú in 101 chás. I 17 de na cásanna sin, bhí amhras orainn go bhféadfadh an earráid a bheith ceangailte le calaois. Níl aon sainordú ag CIE imscrúdú a dhéanamh ar chalaois, ach, i gcás ina bhfuil amhras ann faoi chalaois, cuireann na hiniúcháirí na cásanna faoi bhráid OLAF nó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe.

Tá Tuarascáil speisialta 14/2022 “*Freagairt an Choimisiúin ar chalaois sa Chomhbheartas Talmhaíochta: Tá sé in am tochailt níos doimhne*” ar fáil ar [shuíomh gréasáin CIE](#).

Teagmháil phreasa

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - T: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu - T: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - T: (+352) 621 552 224